



Comhairle Chontae Loch Garman

PLEAN CORPARÁIDEACH 2015-2019



Clár na n-Ábhar

Lth

1.	Réamhfhocal	2
2.	Foramharc ar an Údarás Áitiúil	3
3.	Struchtúir Eagrúcháin	4
4.	Príomhghníomhaíochtaí na nÚdarás Áitiúil	6
5.	Ráiteas Misin & Fís Chontae Loch Garman	8
6.	Fís do Chontae Loch Garman	8
7.	Timpeallacht Oibriúcháin agus Acmhainní	8
8.	Téamaí Trasghearrthacha	8
9.	Croí-Luachanna	9
10.	Spriocanna	10
11.	Cur i bhFeidhm & Monatóireacht	11
12.	Aguisíní	12
	Aguisín 1 - Mór-Athruithe ar Rialtas Áitiúil le Déanaí	
	Aguisín 2 - Sleachta as Chlár Gníomhaíochta ar mhaithe le Rialtas Áitiúil Éifeachtúil	
	Aguisín 3 - Liosta Straitéisí/Pleananna a imríonn tionchar ar Ghníomhaíochtaí an Rialtais Áitiúil.	
	Aguisín 4 - Liosta Sonraí Bunlíne	
	Aguisín 5 - Coistí	

Réamhfhocal

Fónann an Plean Corparáideach mar chreatlach straitéiseach chun spriocanna eagrúcháin agus pleananna ardleibhéil a bhaint amach a thabharfaidh toradh uathu ar mhisean Chomhairle Contae Loch Garman. Aithníonn an Plean Corparáideach sraith cróiluachanna atá mar bhun agus mar thaca ag spriocanna na Comhairle don chúig bliana atá romhainn.

Tá na spriocanna atá aitheanta sa phlean seo frámaithe i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin i gContae Loch Garman, lena n-áirítear acmhainní níos lú a bheith ar fáil agus srianta airgeadais agus srianta eile a imríonn uile tionchar ar chur i gcrích spriocanna an Phlean Corparáidigh.

Ina theannta sin tá athruithe suntasacha tagtha ar struchtúir agus ar sheirbhísí Rialtais Áitiúil le blianta beaga anuas. Déanfar na hathruithe sin a bhainistiú agus a mhonatóiriú go cúramach lena chinntiú nach bhfuil aon tionchar diúltach ar sheachadadh seirbhísí do phobal an chontae. (Tugann Aguisín 1 eolas faoi chuid de na mórathruithe atá tarlaithe.)

Agus an plean corparáideach á réiteach an príomhghné bunúsach atá ann ná forbairt eacnamaíochta agus tacaíocht le haghaidh lucht gnó sa chontae. Beidh an Oifig Fiontair Áitiúil a cuireadh ar bun le gairid mar thiomántóir ar ghníomhaíocht eacnamaíochta agus beidh ról lárnach aige ag tacú le gnólachtaí nua agus le cruthú fostaíochta i gContae Loch Garman.

Ba chúrsaí tábhachtacha le háireamh iad ábhair thrasghearrthacha mar phleananna agus straitéisí reachtúla, cuimsiú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe agus an plean á réiteach. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur seirbhíse d'ardchaighdeán agus ceannaireacht i measc an phobail, ar fáil - beidh an Coiste Nuabhunaithe um Fhorbairt Áitiúil & Pobail mar phointe fócais i leith pháirtíocht an phobail i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an chontae.

Mar chreatlach straitéiseach, stiúrfaidh an Plean Corparáideach réiteach agus cur i bhfeidhm Chlár Oibre na Comhairle i ngach réimse seirbhíse/gnó le linn théarma an Phlean. Cuirfidh sé treorchlár ar fáil don aon fhoras nuabhunaithe údarais áitiúil amháin do Chontae Loch Garman a dhíríonn ar fhorbairt rathúil leanúnach an chontae mar áit thaitneamhach chun oibre agus chun cónaithe ann agus chun teacht mar chuairoteoir ann.



Tom Enright
Príomhfheidhmeannach



An Clr. Malcom Byrne
Cathaoirleach


Foramharc ar an Rialtas Áitiúil

Tá Contae Loch Garman suite sa chúinne Thoir-Theas d'Éirinn. Tá ceithre príomhbhaile sa chontae, Loch Garman, Inis Córthaidh, Guaire agus Ros Mhic Thriúin agus tá daonra de 145,320 duine ann (figiúirí daonra CSO 2011)

Tá meascán neamhchoitianta sléibhte, gleannta, aibhneacha, flóra agus fána agus trána taibhseacha fad a 200km de chósta. Tá an contae timpeallaithe ag an bhfarráige ar dhá thaobh - ar an taobh o dheas ag an Aigéan Atlantach agus ar an taobh thoir ag an Muir Bhreatan agus Muir Éireann. Tá An Bhearú mar theorainn aige ar an taobh thiar. Tá Sléibhte na Staighrí Dubha mar chuid dá theorainn ar an taobh ó thuaidh agus déanann ciumhaiseanna Shléibhte Chill Mhantáin amhlaidh ar an taobh o dheas Is iad na contaetha tadhlacla ná Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Cill Mhantáin.


An Rialtas Áitiúil atá ann don chontae ná Comhairle Contae Loch Garman. Tá an Chomhairle freagrach as réimse leathan seirbhísí lena n-áirítear, tithíocht, pobal, bóithre agus taisteal, pleanáil agus forbairt, conláistí agus cultúr, agus comhshaol.

Tá 34 ball tofa ar an gComhairle. Reáchtáiltear toghchán gach cúig bliana ar bhonn vóta amháin inaistrithe. Tugtar Cathaoirleach ar Cheannasaí na Comhairle agus toghann an Chomhairle an Cathaoirleach gach bliain. Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas ar riarachán an chontae.




Struchtúr Eagrúcháin - Bail Tofa

Léirítear Struchtúr Eagrúcháin na Comhairle ar na cairteacha thíos. Tugann Aguisín 5 míniú ar fheidhmeanna agus ar ról an Choiste Iniúcháireachta, an Ghrúpa Polasaí Corparáidigh, (CPG) na gCoistí Polasaí Straitéisigh (SPC) agus an Choiste um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (LCDC).



Struchtúr Foirne



Príomhghníomhaíochtaí na nÚdarás Áitiúil

Tá Trí Stiúirthóireacht, An tAonad Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha, freagrach as an réimse seirbhísí atá a gcur ar fáil ag Comhairle Contae Loch Garman.

Stiúirthóireacht Iompair, Seirbhísí Uisce, Sláinte & Sábháilte - Príomhghníomhaíochtaí

- Seachadadh an Chláir Chaipitil.
- Soláthar, Cothabháil agus Deisiú ghréasán na mbóithre.
- Sábháilteacht ar na Bóithre a chur chun cinn i measc an phobail.
- Pleananna bainistithe tráchtá a chur i bhfeidhm.
- Soilsiú Poiblí a chur ar fáil.
- Scéimeanna fostaíochta pobail agus scéimeanna rannpháirtíochta pobail a bhainistiú.
- Carrchlóis/scuabadh sráideanna.

Stiúirthóireacht Forbartha Eacnamaíochta agus Pleanála - Príomhghníomhaíochtaí

- Úsáid talún, pleanáil agus rialú ar chaighdeán tógála agus forbairt neamh-údaraithe.
- Réiteach agus Cur i bhFeidhm Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Áitiúla & Pobail.
- Forbairt thionsclaíoch, thráchtála agus eile a chur chun cinn.
- Seirbhísí Turasóireachta/Rialaithe Tógála/Oidhreachta agus Caomhnaithe.

Stiúirthóireacht Tithíochta, Pobail, Leabharlanna, Ealaíon, Seirbhísí Éigeandála & Comhshaol - Príomhghníomhaíochtaí

- Seachadadh an Chláir Chaipitil.
- Soláthar agus Cothabháil thithíocht an údaráis áitiúil.
- Tionscnaimh bainistithe eastát a sheachadadh.
- Cóiríocht a chur ar fáil do Thaistealaithe.
- Scéimeanna ceannaigh ag Tionóntaí agus Úinéireacht Roinnte a chur i bhfeidhm.
- Tithíocht Inacmhainne a chur ar fáil.
- Tithíocht Fhaofa Dheonach nó neamhbhrabúis.
- Caighdeán tithíochta maidir le tithe príobháideacha ar cíos.
- Scéimeanna Deontais do Dhaoine faoi mhíchumas agus deontas deisiúcháin atá riachtanach.
- Cothabháil chéanna agus chalafoirt atá faoi cheannas Chomhairle Contae Loch Garman.
- Forbairt agus cur i bhfeidhm chlár oibre na gcéanna beaga.
- Bainistiú na hoibre cosanta cósta.
- Réimse áiseanna siamsaíochta, imeartha agus fónas a chur ar fáil.
- Forbairt na Seirbhíse Leabharlainne, na Healaíona & Cartlanna.
- Seirbhísí Comhraic Dóiteáin agus Tarrthála a chur ar fáil.
- Rialú ar Thruailliú/Cosaint Shibhialta/Rialú Timpeallachta/Coiste Forbartha Áitiúil & Pobail/Líonraí Rannpháirtíochta.

Airgeadas & TF - Príomhghníomhaíochtaí

- Seirbhísí Tacaíochta airgeadais a chur ar fáil do Chomhairle Contae Loch Garman.
- Bainistiú Fiach agus Rialú Creidmheasa.
- Rátaí agus Billí Uisce agus Bailiúcháin.
- Iniúchadh Inmheánach.
- Soláthar Poiblí.
- Cur i bhfeidhm maidir le Áit Chónaithe Phríobháideach Neamh-Phríomhaí (NPPR).
- Bainistiú Riosca Árachais.
- Soláthar thacaíochta agus fhorbairt TF inmheánach d'ardchaighdeán, lena n-áirítear Córais Eolais Grafaice (GIS)
- Seirbhísí Mótarchánach a chur ar fáil.

Seirbhísí Corparáideacha & Acmhainní Daonna - Príomhghníomhaíochtaí

- Soláthar seirbhísí rúnaíochta don Bhainistíocht agus don Chomhairle mar chomhlacht corparáideach.
- Íomhá dhearfach chorparáideach a chur chun cinn.
- Réimse seirbhísí éagsúla a bhainistiú lena n-áirítear cóiríocht oifige a chur ar fáil, deontais ardoideachais, agus clárú toghthóirí.
- Rochtain a thabhairt, chomh fada agus is féidir, do bhaill an phobail, chuig taifid na comhairle.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm agus chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.
- Dóthain foirne oilte le taithí a chur ar fáil agus a choinneáil chun freastail ar riachtanais na heagraíochta agus an phobail.
- Oiliúint foirne agus earcaíocht.
- Seirbhísí do Chustaiméirí a sheachadadh.
- Cumarsáid.
- Seirbhís Tacaíochta don Fhoireann.
- Pleanáil agus Eagrúchán ar an Lucht Saothair.

Tugann Plean Corparáideach Chontae Loch Garman aird ar an Misean, an Fhís agus na Croíphrionsabail atá mar bhun agus mar thaca ag an Struchtúr nua Rialtais Áitiúil, mar atá leagtha amach sa Chlár gníomhaíochta ar mhaithe le Rialtas Áitiúil Éifeachtúil (Féach Aguisín 2).

Ráiteas Misin

“An misean atá againn ná forbairt eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta an chontae a stiúradh agus seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ag an leibhéal áitiúil.

Bainfidh an Chomhairle úsáid as na hacmhainní ar fad atá ar fáil di agus oibreoidh sí i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile chun an ceann is fearr a fháil ar easnaimh infreastruchtúir a chuireann cosc ar fhorbairt eacnamaíochta an chontae.

Tá an Chomhairle tiomanta do phobail inbhuanaithe láidre, le hoideachas feabhsaithe agus deiseanna fostaíochta níos fearr do na daoine ar fad, a thógáil.

Cuirfimid Contae Loch Garman chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit le teacht ar chuairt ann agus chun infheistíocht a dhéanamh ann.”

Fís do Chontae Loch Garman

“An fhís atá againn ná de chontae uileghabhálach ina bhfuil pobail inbhuanaithe i mbailte móra agus faoin tuath a bhfuil meas acu ar a timpeallacht, a roinneann comhionannas agus comhchuspóirí leo sin atá sa phobal agus a bhfuil mórtas domhain cine is ceantair iontu.”

Timpeallacht Oibriúcháin & Acmhainní

Déanfaidh Comhairle Chontae Loch Garman:

- obair go réamhghníomhach leis na baill tofa.
- ar thóir éifeachtúlachtaí oibriúcháin agus á gcur i bhfeidhm.
- aird a thabhairt ar pholasaithe idirnáisiúnta, A.E., Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla agus ar chreatlacha reachtacha.
- oibriú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.
- aird a thabhairt ar thimpeallacht inmheánach agus seachtrach atá ag athrú go fíor-thapa.
- oibriú laistigh de thimpeallacht eacnamaíochta atá deacair ach ag dul i bhfeabhas.
- oibriú laistigh de struchtúir nua-bhunaithe Rialtais Áitiúil. glacadh go toilteanach le Seirbhísí Roinnte, nuair a bhíonn éifeachtúlachtaí agus sábháiltí suntasacha don Chomhairle i gceist.
- glacadh le dul chun cinn teicneolaíochta agus le soláthar seirbhíse ar líne (mar sh. líonra sóisialta, aipeanna fóin agus córais GIS).

Téamaí Trasghearrthacha:

Tugadh aird ar roinnt théamaí trasghearrthacha, lena n-áirítear cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht, nascacht, cáilíocht na beatha, tionchar cumarsáide agus nuálaíochta ar chur i gcrích seirbhíse, agus tá siad curtha san áireamh agus an plean seo á réiteach.

Croíluachanna

Tá machnamh déanta ag Comhairle Contae Loch Garman ar na luachanna a bheidh á dtreorú agus an fhís atá againn don Chontae don tréimhse 2015-2019 á baint amach againn. Beimid á dtreorú ag na Croíluachanna seo leanas a bheas á dtacú ag príomhghnéithe seachadta, mar atá liostaithe thíos.

Dírithe ar Chaighdeán	Cuntasach	Cuimsitheach	Forchéimnitheach	Daonlathach
Seirbhísí Custaiméir-dhírithe	Oscailteacht agus Trédhearchacht	Oibleagáidí Reachtúla	Ceannaireacht	Rannpháirtíocht mhéadaithe
Freagairt d'athruithe	Comhlíonadh	Rannpháirtíocht Phobail	Cinnteoireacht ag breathnú chun cinn	Comhpháirtíocht
Feabhsúchán leanúnach	Muinín	Cuimsiú Sóisialta	Nuálaíocht	Comhchomhairle
Feasacht Foirne	Luach Airgid		Ag Féachaint Níos Leithne	Saoránacht Ghníomhach
Cumarsáid Éifeachtúil agus thráthúil	Ionracas			

Spriocanna

Tá sé mar chroí na físe sa Chlár Gníomhaíochta i leith Rialtas Áitiúil Éifeachtúil "Tús áite do na Daoine" gur chóir go dtreoródh rialtas áitiúil forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus phobail agus aithníonn sé an gá go mbeadh ról feabhsaithe níos soiléire ag rialtas áitiúil chun an eacnamaíocht a fhorbairt agus ag tacú leis an bhfiontraíocht, agus go mbeadh ionchur níos dlúithe aige i bhforbairt pobail agus forbairt áitiúil.

Tá éifeacht reachtach tugtha don fhís seo tríd an Acht Leasaithe um Rialtas Áitiúil, 2014 a thabhairt isteach.

Seo a leanas spriocanna Chomhairle Contae Loch Garman do shaolré an Phlean:

Spreagadh agus Tacaíocht a thabhairt do Ghnó, d'Fhiontraíocht agus do Chruthú Fostaíochta

Is é príomh-bhunspríoc na Comhairle ná tacú le forbairt eacnamaíochta agus leis an lucht gnó sa chontae. Tá ról lárnach ag an gComhairle mar thiomántóir ar ghníomhaíocht eacnamaíochta agus imríonn sí páirt shuntasach ag tabhairt tacaíochta do ghnólachtaí nua agus do ghnólachtaí seanbhunaithe agus ag cur leis an bhfostaíocht i gContae Loch Garman.

Cuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht

Cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht na bpobal uile a chur chun cinn agus éagothroime sóisialta agus leithcheal a throid. Díreoidh mórchuid na hoibre a bheidh ar siúl ag an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail ar an sprioc seo.

Easnamh oibríochta i gCúrsaí Airgid na Comhairle a laghdú.

Leanúint ag déanamh bainistíochta stuama ar chúrsaí airgid na Comhairle agus chun teacht i dtír ar an easnamh oibríochta, ach gan cur isteach ar sheachadadh na riachtanas seirbhíse.

Seachadadh Seirbhíse d'ardchaighdeán.

Seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh a bheidh dírithe ar riachtanais ár gcustaiméirí agus an phobail.

Forbairt Inbhuanaithe agus Comhtháite

Forbairt chomhardaithe inbhuanaithe a chur chun cinn.

An Timpeallacht a chaomhnú agus a fheabhsú.

An Timpeallacht a fheabhsú, a chosaint agus a leasú ar mhaithe le glún na linne seo agus leis na glúin atá le teacht.

Forbairt Foirne

Leanúint chun foireann oibre atá inspreagtha, ardoilte agus dírithe ar an gcustaiméar a fhorbairt.

Daonlathas a fheabhsú

Bheith ag obair laistigh de chreatlach prionsabal daonlathach chun an oiread agus is féidir rannpháirtíochta an phobail a éascú.

Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Déanfar an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm déanfar agus monatóireacht air trí na bealaí seo a leanas:

Polasaithe & Straitéisí

Tá polasaithe agus straitéisí Chomhairle Contae Loch Garman le fáil i mbailiúchán doiciméad agus straitéisí atá forbartha ag an gComhairle i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile agus tugann siad bunús le haghaidh fheidhmiú an Phlean Corparáidigh. Áirítear iontu:

- Buiséad na Bliana.
- Plean Forbartha an Chontae agus Pleananna do Cheantair Áitiúla.
- Straitéisí réitithe agus faofa ag LCDC Loch Garman.
- Polasaithe agus moltaí forbartha trí struchtúr an Choiste Pholasaí Straitéisigh agus ceadaithe ag na baill tofa.

Pleananna Seirbhíse

Réiteofar Pleananna Seirbhíse do gach Stiúrtóireacht a thaispeánfaidh go díreach na gníomhaíochtaí a bheidh le tabhairt fúthu sna réimsí éagsúla seirbhíse chun teacht i dtír ar spriocanna an Phlean Chorpáidigh agus ar na polasaithe agus na straitéisí atá faofa ag baill tofa Chomhairle Contae Loch Garman.

Táscairí Seirbhíse

Tá 46 Príomhtháscaire Feidhmíochta sna táscairí seirbhíse atá tugtha isteach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Ag tabhairt luach a gcuid airgid do dhaoine: Táscairí Seirbhíse i Rialtas Áitiúil, 2004) Ta na táscairí seo trasna réimse feidhmeanna an údarais áitiúil.

Beidh na 46 Príomhtháscaire Feidhmíochta Náisiúnta mar aon leis na Táscairí Feidhmíochta áitiúla san áireamh sna Pleananna Seirbhíse. Déanfar feidhmíocht a thomhas agus a mheas agus beidh fáil ag an bpobal ar na torthaí.

Tá táscairí dírithe ar thorthaí agus is féidir leo gníomhú mar chomharthaí ar an mbóthar i dtreo lánfheidhmithe spriocanna an Phlean Chorpáidigh.

Tuarascáil Bhliantúil

Éalaíonn Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 go gcuireann rialtas áitiúil tuarascáil ar dhul chun cinn an Phlean Chorpáidigh chuig an gComhairle gach bliain. Déanfaidh Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Loch Garman tuairisciú go sonrach ar fheidhmiú an Phlean Chorpáidigh trí thuarascáil achomair ar an dul chun cinn atá bainte amach a chur ar fáil.

Aguisíní

- Aguisín 1 - Mór-Athruithe ar Rialtas Áitiúil le Déanaí
- Aguisín 2 - Sleachta as Chlár Gníomhaíochta ar mhaithe le Rialtas Áitiúil Éifeachtúil
- Aguisín 3 - Liosta Straitéisí/Pleananna a imríonn tionchar ar Ghníomhaíochtaí an Rialtais Áitiúil.
- Aguisín 4 - Liosta Sonraí Bunlíne
- Aguisín 5 - Coistí

Aguisín 1

Mór-athruithe ar Rialtas Áitiúil le gairid

Ba bhliain í 2014 inar tharla mór-athrú agus leasúchán ar rialtas áitiúil agus leanfar leis an bhforbairt agus an dul chun cinn i 2015. I measc na n-athruithe tá:

- Athruithe ar an Struchtúr Rialtais Áitiúil le cónascadh údaráis na mbailte agus tugadh isteach na Ceantair Bhardasacha.
- Oibriú seirbhísí uisce an chontae ar bhonn Chomhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann, an t-údarás nua náisiúnta uisce.
- Bunú na nOifigí Fiontar Áitiúil (LEO) laistigh den struchtúr rialtais áitiúil.
- Bunú na gCoistí Forbartha Pobal Áitiúil (LCDC)
- Forbairt ar Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) laistigh de cheantar an údaráis áitiúil.
- Pleanáil sa bhfórsa oibre chun an eagraíocht a chur in oiriúint d'athruithe maidir le gnó, líon foirne níos lú agus cónascadh údarás.
- Tugadh isteach socruithe leasaithe maoinithe le haghaidh rialtas áitiúil tríd an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT).
- Amanna leasaithe na mbuiséad agus socruithe eile lena n-áirítear cinneadh na comhairle maidir le hathrú a chur ar an gCáin Mhaoine Áitiúil don chontae agus glacadh leis an DréachtPhlean Buiséadach a shocraigh an Leithdháileadh Bardasach Ginearálta (GMA) le haghaidh gach ceantair.

Aguisín 2

Misean agus Fís (Foinse: Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtúil)

Beidh rialtas áitiúil ina príomhbhealach rialachais agus seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil - ag treorú fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus pobail, ag cur seirbhísí éifeachtúla ar luach maith airgid ar fáil, agus ag déanamh ionadaíochta ar bhealach éifeachtúil, freagrach ar son na ndaoine agus na bpobal áitiúil.

1.1 Fís do Rialtas Áitiúil

1.1.1 Cuspóir atá ag rialtas áitiúil

An croíchuspóir atá ag rialtas áitiúil ná le leas agus mianach saoil na ndaoine agus na bpobal a chur chun cinn trí ionadaíocht éifeachtúil, fhreagrach, dhaonlathach a dhéanamh orthu, agus trí fheidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtúil agus seirbhísí a chur ar fáil ag an leibhéal áitiúil. Dá bhrí sin cuimsíonn ról an údarais áitiúil bailiúchán seirbhísí a chur ar fáil, ag stiúradh gnóthaí ábhartha ar leas an phobail, ag cur fhorbairt inbhuanaithe fhisiceach agus spásúil chun cinn, agus ar bhealach uathúil, ag déanamh ionadaíochta go daonlathach agus go freagrach. Tá an ról ionadaíoch agus ceannaireachta ag baint leis, ní hamháin maidir le freagrachtaí feidhmíochta díreacha an údarais áitiúil féin ach maidir le gnóthaí níos leithne a bhfuil tionchar acu ar leas na ndaoine agus go ginearálta ag eagrú beart ar mhaithe leis an gceantar agus an pobal. Chun an ról ilghnéitheach seo a chomhlíonadh go rathúil tá gá le réimse tréithe, lena n-áirítear, mothálacht, ceannaireacht, nuálaíocht, tiomantas i dtreo éifeachtúlacht agus luach ar airgead, mar aon le tacaíocht a thabhairt do spriocanna náisiúnta agus a bheith ag teacht le dualgais idirnáisiúnta.

Croíphrionsabail (Foinse: Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtúil)

- (a) Ionadaíocht agus rialachas níos freagrúla, níos eiticíúla agus níos freagraí, le foráil déanta i leith comhpháirtíochta cuí ag agus leis an bpobail;
- (b) Oscailteacht agus trédhearcacht níos mó, lena n-áirítear monatóireacht ina bhfuil measúnú seachtrach á dhéanamh.
- (c) Comhleanúnachas níos fearr idir róil na ngníomhaireachtaí atá ag oibriú ag an leibhéal áitiúil, le béim ar an gcumas don cheannaireacht agus maoirseacht dhaonlathach maidir le saincheisteanna ábhartha agus seirbhísí go ginearálta;
- (d) An éifeachtúlacht oibríochta is mó is féidir le béim ar leith ar chéimeanna Athbhreithnithe Éifeachtúlachta Rialtais Áitiúil a chur i bhfeidhm agus caighdeán agus comhsheasmhacht na seirbhíse, leis an luach is fearr ar airgead agus glacadh le nuálaíocht, go háirithe maidir le seirbhís do chustaiméirí;
- (e) Cumas déileáil le deacrachtaí áitiúla go háitiúil gan gá ach le glaoch amháin;
- (f) Creidiúnacht feabhsaithe ionas gur féidir leis an Rialtas braith ar rialtas áitiúil chun na feidhmeanna atá acu cheana agus feidhmeanna nua a chur i gcrích, ag teacht le spriocanna polasaithe náisiúnta, lena n-áirítear ag tacú leis an iarracht náisiúnta téarnaimh agus ag teacht le dualgais ábhartha idirnáisiúnta;
- (g) Feidhmeanna níos leithne a oireann don leibhéal áitiúil, ag athrú na treochta a bhí ann gabháil thar an rialtas áitiúil;
- (h) Inbhuanaitheacht thar an réimse feidhmíochta sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta;
- (i) Maoiniú níos seasta, lena n-áirítear gné níos mó discréide maidir le hairgead a thabhairt isteach agus an caiteachas a chur in ord tosaíochta, ag braith níos lú ar an lár, céim a thugann níos mó neamhspleáchais agus freagrachta agus a chuidíonn le cumhachtaí rialtais áitiúil a leathnú;
- (j) Coimhdeacht feabhsaithe agus an tiomantas i gClár an Rialtais i bhfad níos mó cinnteoireachta a chineadh don leibhéal áitiúil agus le smacht níos mó a thabhairt do phobal áitiúla faoi réimse níos mó ábhar.

Aguisín 3

Liosta Straitéisí/Pleananna a imríonn tionchar ar Ghníomhaíochtaí Rialtais Áitiúil

Náisiúnta/AE

- Ról an údaráis áitiúil i bpolasaithe ábhartha reatha náisiúnta a chur chun cinn agus a bheith páirteach iontu
- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020
- Ráiteas Polasaí ar Easpa Dídine 2013-2016 (DoECLG)
- Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018 (DoECLG)
- Ag Coinneáil Pobal Slán – Creatlach Seirbhísí Dóiteáin 2013 (DoECLG)
- Ag Coinneáil Pobal Slán – Creatlach Seirbhísí Dóiteáin 2013 (DoECLG)
- Plean Feidhme na Straitéise Náisiúnta Míchumais 2013-2015 (An Roinn Sláinte)
- Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 (DoECLG)
- Straitéis Tithíochta Náisiúnta 2014 (DoECLG)
- Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtúil 2012 (DoECLG)
- Plean Feidhmithe maidir le Freagra an Stáit ar Easpa Dídine 2014-2016 (DoECLG)
- Straitéis Eacnamaíochta Meántéarmach 2014-2020 (Roinn an Taoisigh)
- Plean Gníomhaíochta maidir le Poist (An Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta)
- Tógáil 2020 (Roinn an Taoisigh - 2014)
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe - Creatlach le haghaidh Forbartha Inbhuanaithe d'Éirinn 2012 (DoECLG)
- Creatlach Polasaí Náisiúnta do Leanaí 2014-2020 (Roinn na Leanaí agus Gnóthaí Óige)

Réigiúnach

- Cláir Oibriúcháin Thionóil Réigiúin an Deiscirt
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha & Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta
- Tuairisc ar na Táscairí Réigiúnacha - Creatlach Monatóireachta chun Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a chur i bhfeidhm
- Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Deiscirt
- Pleananna straitéise Foras eile Réigiúnach, m. sh. FSS, Garda Síochána

Áitiúil

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Plean Forbartha an Chontae
- Clár Cuidithe Íocaíochta i leith Tithíochta
- Pleananna Áitiúla Forbartha Fiontraíochta
- Pleananna Folláine PPN (arna nglacadh)
- Buiséid Bhliantúla
- Moltaí Polasaí atá forbartha ag na Coistí Polasaithe Straitéiseacha

Aguisín 4 – Liosta de Shonraíocht Bhunlíne (féach táscairí seirbhíse/Tuarascáil Bhliantúil don Fhíor-Bhunlíne Reatha Oibríochta)

1. Pobal (Clár um chuimsiú sóisialta agus um ghníomhachtú pobal (SICAP))

Spriocanna Feidhmíochta

Chun bochtaineacht a laghdú, cuimsiú sóisialta agus cothromas a chur chun cinn trí chaidreamh agus comhoibriú ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Clár Tacaíochta

- Plean Gníomhaíochta maidir le Poist/Bealaí chun na hOibre/An Tionscnamh Geata
- Tús Áite do na Daoine
- Tuairisc ar Rannpháirtíocht Saoránach
- Chun tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí ar an imeall chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta chun saincheistanna eisiama sóisialta agus cothromas a aithint agus a réiteach.
- Iad a thabhairt níos giorra don mhargadh saothair agus chun ullmhacht don obair a fheabhsú agus chun tacú leo le hobair a fháil agus le féin-fhostaíocht agus deiseanna fiontraíochta sóisialta a chruthú.

Modh an Tomhais

- Líon d'fhoireann Geata fostaithe mar % den sprioc.
- Líon na nGrúpaí bainteach leis an PPN.
- Líon na ndaoine aonarach a ó na grúpa SICAP is mó atá ar an imeall atá ainmnithe chuig ballraíocht LCDC trí struchtúr PPN agus a nglacann a n-áiteanna ar na coistí.
- Líon na ndaoine aonarach (15 bliana agus níos mó) ag dul ar aghaidh go dtí fostaíocht pháirtaimseartha nó lánaimseartha laistigh de 6 mhí tar éis dóibh tacaíocht fostaíochta Sprioc 3 a fháil.

2. Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáideacha na rannóga Acmhainní Daonna (AD) Gnóthaí Corparáideacha, agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).

Acmhainní Daonna (AD)

Sprioc Feidhmíochta

An Bhainistíocht is fearr ar Acmhainní Daonna laistigh den údarás áitiúil.

Clár Tacaíochta

Plean don Fhórsa Oibre.

Bainistiú Tinrimh.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Feidhmiú Céimneach PMDS

Réiteach le haistriú go CORE.

Modh an Tomhais

Líon iomlán na WTE

% de laethanta oibre caillte trí thinneas (deimhnithe/gan deimhniú)

Meánlíon Laethanta Oiliúna in aghaidh WTES.

Líon PDP and TDP críochnaithe.

Modúil éagsúla CORE curtha i bhfeidhm/CORE curtha i bhfeidhm.

Gnóthaí Corparáideacha

Spriocanna Feidhmíochta

- Tacú agus cur le ról daonlathach na comhairle agus forbairt, comhordú agus cur chun cinn a dhéanamh ar chultúr corparáideach agus ar éiteas gnó laistigh den eagraíocht.
- Seirbhísí do chustaiméirí d'ardchaighdeán a sheachadadh agus a chur chun cinn ar bhealach cairdiúil agus cabhrach.
- Íomhá dearfach corparáideach a chur chun cinn.
- Tógáil ar sheirbhís chorparáideach a sholáthar do Chomhairle Contae Loch Garman trí chleachtais fheabhsaithe coimeádta taifead.
- 5. Bainistíocht a dhéanamh ar Fhoirgnimh agus ar Áiseanna Corparáideacha.

Clár Tacaíochta

1. Sainúdarás Daonlathach

- Rúnaíocht éifeachtúil agus ghairmiúil a chur ar fáil don gComhairle agus dá coistí.
- Eolas a chur ar fáil do na baill ar bhealach tráthúil, áisiúil agus solúbtha chun gur féidir cinntí eolasacha a dhéanamh.
- A chinntiú go gcloítear le riachtanais reachtúla agus eiticiúla imeachta mar a bhaineann le hoibriú na Comhairle.
- Oiliúint a chur ar fáil chun cuidiú le forbairt ghairmiúil na mball.
- Ról ionadaíochta na mBall Tofa a éascú agus a thacú, lena n-áirítear úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht chun cuidiú leis na Baill an ról atá acu a chomhlíonadh.

2. Seachadadh Seirbhíse:

- Deasca Seirbhíse do Chustaiméirí a fhorbairt i gCeannteathrú na Comhairle agus i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha le córais chun tacaithe le seirbhísí éifeachtúla do na Baill Tofa agus don phobal.
- Féachaint le feabhsúchán leanúnach agus nuálaíocht a bhaint amach agus seirbhísí éifeachtúla á gcur ar fáil ar luach maith ar airgead iad.

- Cultúr barr feabhais i seachadadh seirbhísí, i gcuntasacht agus i luach ar airgead a chur chun cinn.
- Luach ar airgead a chinntiú agus earraí agus seirbhísí á gceannach trí ghéilliúntas do pholasaí agus treoracha náisiúnta soláthair.
- Oibriú i gcomhpháirt le forais eile phoiblí (réigiúnacha agus náisiúnta) chun coigilteas ar scála agus luach ar airgead i seachadadh seirbhísí a bhaint amach.
- Leanúint ar scrúduithe ar nósanna imeachta agus ar phróisis lena chinntiú go bhfanann siad dírithe ar an gcustaiméar.
- Córais éifeachtacha oscailte le déileáil le clamhsáin ó chustaiméirí, saoráil faisnéise, cosaint sonraí, bainistiú taifead, rochtain ar eolas ar an timpeallacht agus fiosrúcháin ó lucht nuachtáin, a chur ar fáil.
- Seachadadh seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a leathnú.

3. Cumarsáid/Íomhá Corparáideach

Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil le custaiméirí agus leis an bpobal trí na meáin áitiúla agus náisiúnta agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Straitéis Inmheánach agus Seachtrach Cumarsáide ar fuaid na heagraíochta a chur i bhfeidhm.

4. Coinneáil Taifead

Polasaí Náisiúnta Coinneála le haghaidh Taifead Údarás Áitiúil, 2002.

5. Foirgnimh

Chun an Ceanncheathrú Corparáideach agus áiseanna eile a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach atá chun leasa na n-úsáideoirí ar fad.

Modh an Tomhais

- Úsáid an Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Aiseolas ó Chustaiméirí agus ó na meáin.
- Tuairiscí Iniúchóireachta agus Comhlíonadh.
- Tréimhsí freagartha ar cheisteanna mar atá leagtha amach sa Cháirt do Chustaiméirí.
- Straitéis Cumarsáide seachadta
- Glacadh agus cur i bhfeidhm an pholasáí bainistithe taifead, lena n-áirítear ríomhdhoiciméid. Scéim aicmiú cód a chruthú agus a oibriú. Bainistiú ar sceidil choinneála

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Spriocanna Feidhmíochta/Cuspóirí

- Chun a chur ar chumas agus chun cuidiú le bainistíocht agus foireann Chomhairle Contae Loch Garman Spriocanna Corparáideacha na heagraíochta a bhaint amach.
- Chun Infreastruchtúr TFC na heagraíochta a chaomhnú agus a fheabhsú.
- Chun córais bhogearraí TFC na heagraíochta a chaomhnú agus a fheabhsú.
- Chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun tacú le digitiú seirbhísí, idirghníomhuithe agus próiseas chun éifeachtúlacht méadaithe a sheachadadh agus chun cainéil níos éifeachtúla seachadta a chur ar fáil don Chomhairle agus dá custaiméirí.

- Chun na próisis agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun tacú le bainistiú a dhéanamh ar chaighdeán na sonraí ar mhaithe le cinnteoireacht níos eolaí a dhéanamh agus chun éifeachtúlachtaí a chur chun cinn.
- Chun Teicneolaíocht GIS a dhéanamh níos inrochtana don fhoireann agus don phobal.
- Lena chinntiú go gcaomhnaítear tacar sainscileanna na foirne TFC agus go gcuirtear leis.

Clár Tacaíochta

Sprioc Feidhmíochta 1

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.

Sprioc Feidhmíochta 2

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Digiteach i dTosach, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas Feabhsaithe TFC)

Sprioc Feidhmíochta 3

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Digiteach i dTosach, Sonraí mar Chumasóir, Méadú ar Acmhainn)

Sprioc Feidhmíochta 4

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Digiteach i dTosach, Sonraí mar Chumasóir, Méadú ar Acmhainn).

Sprioc Feidhmíochta 5

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Digiteach i dTosach, Sonraí mar Chumasóir).

Sprioc Feidhmíochta 6

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Digiteach i dTosach, Méadú ar Acmhainn).

Sprioc Feidhmíochta 7

- Straitéis TFC Chomhairle Contae Loch Garman.
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí (Ean 2015).
- (Méadú ar Acmhainn).

Modh an Tomhais

Sprioc Feidhmíochta 1

- Réiteach, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar phleananna oibre bliantúla don eagraíocht.

Sprioc Feidhmíochta 2

- Doiciméad Polasaí DR cuimsitheach agus oiriúnaitheach a sheachadadh le haghaidh córais TFC na heagraíochta.

- Naisc fheabhsaithe cumarsáide chuig oifigí na gComhairlí Contae ar fad.
- Bandaleithead cumarsáide méadaithe agus níos lú idirscoir/fadhbanna tuairiscithe.

Spríoc Feidhmíochta 3

- Athbhreithniú agus uasghrádú rialta ar bhogearraí lena chinntiú nach bhfuil ach leaganacha atá tacaíthe de gach bogearra curtha ar fhreastalaithe na Comhairle agus ar ríomhairí atá in úsáid go ginearálta.
- Cur i bhfeidhm córas nua chun teacht le spriocanna gnó.

Spríoc Feidhmíochta 4

- Tacú le teicneolaíochtaí agus próisis nua a thabhairt isteach i gcomhcheangail le rannóga úsáideoirí.

Spríoc Feidhmíochta 5

- Glacadh le caighdeán cáilíochta cuí sonraí lena chinntiú go bhfuil tacair sonraí GIS seasmhach, iontaofa agus ceart don fheidhm.
- Cur chun feidhme an Chórais Náisiúnta Eircode sna córais ríomhaireachta ar fad ar a bhfuil sonraí seoltaí.

Spríoc Feidhmíochta 6

- Seachadadh feabhsaithe seirbhíse trí rochtain feabhsaithe chuig sonraí reatha agus sonraí eile ábhartha ag an bhfoireann.
- Tacaíocht le haghaidh úsáid theicneolaíochtaí soghluaiste.
- Rochtain níos fearr chuig sonraí GIS le húsáid ag custaiméirí

Spríoc Feidhmíochta 7

- Cumas feabhsaithe na foirne TFC chun leas a bhaint as an teicneolaíocht atá ann cheana agus as teicneolaíocht nua chun éifeachtúlacht san eagraíocht a fheabhsú.

3. Forbairt Eacnamaíochta

(Bunlíne oibriúcháin bhreise méadrach le cur isteach ar glacadh le LECP)

Spríocanna Feidhmíochta

- Fiontraíocht a chur chun cinn, tosúithe gnó a chothú agus chun gnóthaí beaga agus micra-ghnóthaí a fhorbairt.
- Cruthú fostaíochta a thiomáint agus tacaíochtaí atá inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil le haghaidh smaointí nua gnó.

Clár Tacaíochta

Réimse céimeanna agus tacaí a úsáid ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile poiblí agus/nó príobháideach a thacaíonn le forbairt fiontraíochta trí Phleananna Forbartha Fiontraíochta Áitiúla a úsáid (LEDP).

Modh an Tomhais

- Tionchar Eacnamaíochta - Líon na bpost cruthaithe.
- Gníomhaíocht Airgeadais - Líon na ndeontas ceadaithe.

- Oiliúint - Líon na rannpháirtithe ar Chúrsaí 'Cuir tús le do Ghnó féin'.

4. Timpeallacht

Spriocanna Feidhmíochta

Timpeallacht ar ardchaighdeán a chinntiú agus tóg céimeanna go luath lena cosaint.

Clár Tacaíochta

- Cuspóirí Timpeallachta i bpleananna úsáide talún.
- Cloí le SEA agus EIA maidir le pleananna, tionscadail agus forbairtí.
- Torthaí Náisiúnta Monatóireachta ar Thruailliú bruscair.

Modh an Tomhais

- Líon na gclamhsán a cuireadh chuig EPA - Oifig Forfheidhmithe Timpeallachta (OEE).
- % na gclamhsán timpeallachta nach EPA iad a fiosraíodh agus a dúnadh nuair nach raibh gá níos mó a dhéanamh.
- Céatadán na gceantar faoin rialtas áitiúil atá:
 - neamhthruaillithe (i.e. saor ó bhruscar).
 - truaillithe de bheagán le bruscar.
 - sách truaillithe le bruscar.
 - thar a bheith truaillithe le bruscar.

5. Airgeadas

Spriocanna Feidhmíochta/Cuspóirí

- Forbairt leanúnach ar an bhfeidhm Airgeadais chun teacht le riachtanais bainistithe airgeadais Chomhairle Contae Loch Garman.
- Buiséad Airgeadais Bliantúil leordhóthanach a réiteach chun riachtanais seachadta seirbhísí a shásamh.
- Buiséad Caipitil a réiteach chun teacht le forbairt seirbhísí agus na riachtanais maoinithe atá ag dul leo.
- Leibhéil fheabhsaithe Bailiúcháin i gcás Chuntais Fhéichiúnaithe.
- Plean chun tabhairt faoin Easnamh Oibríochta ar bhealach éifeachtúil.
- Athailíniú struchtúrtha a chur i bhfeidhm ar an Ráta Bliantúil Luachála d'údarás atá ar ráta amháin mar a éilíonn an tAcht um Leasúcháin Rialtas Áitiúil 2014.

Clár Tacaíochta

- Athbhreithniú leanúnach ar pholasaithe, nósanna imeachta, próisis & córais chun soláthar seirbhísí bainistithe airgeadais a athscagadh agus a fheabhsú laistigh den eagraíocht.
- Ionchur/teagmháil níos mó le sealbhóirí buiséad lena chinntiú go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi phróiseas an bhuiséid.
- Luath-theagmháil idir Bhainisteoirí Clár le go mbeidh gach eolas ar fáil faoin bpróiseas maoinithe caipitil.

- Athbhreithniú leanúnach ar mhúnlaí/chuir chuige i leith Billeála agus Bailithe Fiach lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil modheolaíochtaí tráthúil agus cuí chun an t-airgead atá amuigh a bhailiú isteach go rathúil.
- Bainistiú feabhsaithe ar an mBuiséad chun aon bhaol go dtitfidh cúrsaí siar níos faide a íoslaghdú agus athbhreithnithe réamhghníomhacha éifeachtúlachta a dhéanamh.
- Measúnú ar roghanna maidir le comhchuibhiú Rátaí chun teacht ar mhúnla atá inghlactha agus inbhuanaithe agus aontaithe leis na páirtithe leasmhara.

Modh an Tomhais

- Faisnéis airgeadais agus táirgí a chur amach go tráthúil mar a éilítear laistigh den eagraíocht.
- Athrú ar Ioncam/larmhéid Oibriúcháin.
- Buiséad Caipitil leordhóthanach a sheachadadh le foinsí maoinithe aontaithe.
- Leibhéal fheabhsaithe bailiúcháin.
- Feabhas bliantúil ar sheasamh an easnaimh.
- Comhchuibhiú ar ARV de réir amlínte aontaithe.

6. Seirbhísí Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála

Spríocanna Feidhmíochta

Chun pobail a chosaint ar thine agus ar éigeandálaí eile, ag obair le comhghníomhaireachtaí de réir pholasaithe náisiúnta.

Clár Tacaíochta

- Riosca a aithint agus a bhainistiú agus réiteach a dhéanamh chun freagairt d'éigeandálaí ag teacht leis an gCreatlach Bainistíochta do Mhóréigeandálaí.
- Chun seirbhís coisc, cosanta agus freagartha dóiteáin a chur ar fáil atá in oiriúint don riosca dóiteáin atá aitheanta go háitiúil, de réir threoir náisiúnta.
- Feidhmíocht maidir le cosc, cosaint agus freagra mar atá leagtha amach i noirm agus i gcaighdeáin náisiúnta.

Modh an Tomhais

- An Costas ar an Seirbhís Dóiteáin per capita.
- An t-am a thógtar briogáidí dóiteáin a shlógadh mar fhreagra ar thine/teagmhais eile éigeandála.
- Céatadán na gcásanna maidir le dóiteán/teagmhas eile éigeandála ina mbíonn an chéad freastal ar an láthair laistigh de:
 - 10 nóim
 - 10-20 nóim
 - tar éis 20 nóim

7. Easpa Dídine

Spriocanna Feidhmíochta

Ag teacht i dtír ar Easpa Dídine

Clár Tacaíochta

Seachadadh cóiríochta agus seirbhísí bainteacha dóibh siúd gan dídean a chur ar fáil agus a mhaoirsiú i gcomhthéacs Plean Gníomhaíochta reachtach do na Réigiúin ar Easpa Dídine
Modh an Tomhais

Líon na ndaoine fásta a mheastar a bheith gan dídean go fadtéarmach mar % den líon iomlán daoine fásta a bhí i gcóiríocht éigeandála nó ina gcodladh amuigh i dtréimhse áirithe.

8. Tithíocht

Spriocanna Feidhmíochta

- Tithíocht shóisialta a sheachadadh chun freastal ar éilimh aitheanta.
- Méadú a chur ar thógáil tithíochta sóisialta chun breis aonaid tógtha a chur ar fáil.
- Tógáil ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc atá ann chun an teacht ar aonaid atá ar fáil mar thithíocht shóisialta a mhéadú.
- Feidhmiú na Scéime Íocaíochta ar Chúnamh Tithíochta (HAP).

Clár Tacaíochta

- Straitéis Tithíochta Sóisialta (náisiúnta).
- Plean Seirbhísí Tithíochta (áitiúil).
- Straitéis Úsáide Talún.
- Clár Maoinithe Náisiúnta do Thithíocht atá Folamh.
- Plean Feidhmithe HAP.

Modh an Tomhais

- Iomlán na dtithe le chéile curtha ar fáil (i.e. trí sholáthar díreach + RAS + HAP + ar léas, etc).
- Costas cothabhála do thithíocht ar sholáthar díreach (= Caiteachas iomlán cothabhála/Líon iomlán na dtithe ar sholáthar díreach).
- % de na tionóntachtaí ar cíós príobháideach a scrúdaíodh.
- % de thithíocht údaráis áitiúil atá folamh; Líon folamh.
- Meán-ama agus costais lena ligean arís.

9. Seirbhís Leabharlainne

Spriocanna Feidhmíochta

- Forbairt leanúnach ar sheirbhísí poiblí eolais, oideachais agus cultúrtha chun teacht le riachtanais pobal Chontae Loch Garman.

- Feabhas ar litearthacht agus ar chumais léitheoireachta ar fuaid na bpobal áitiúil.
- Forbairt ar sheirbhísí oidhreachta ag cur le hionannas pobal, le rannpháirtíocht shibhialta agus le turasóireacht chultúrtha.
- Cur le seirbhísí a thacaíonn le daoine dífhostaithe agus ar bheagán fostaíochta agus le lucht gnó agus fiontraíochta.
- Forbairt leanúnach ar sheirbhís do na healaíona chun freastail ar riachtanais pobal Chontae Loch Garman.

Clár Tacaíochta

Spríoc Feidhmíochta 1

- Plean Forbartha Leabharlainne, Comhairle Contae Loch Garman.
- Deiseanna do Chách, Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2013 – 2017.
- Déan níos mó go Digiteach : Straitéis Náisiúnta Digiteach, 2013.
- Tionscadal Náisiúnta Chóras Ríomhaireachta na Leabharlann Poiblí [PLNCS].

Spríoc Feidhmíochta 2

- Straitéis Cead Léitheoireachta Chontae Loch Garman, fo-thacar de Phlean Forbartha na Leabharlainne.
- Cead Léitheoireachta; ag tacú le litearthacht san údarás áitiúil, 2014.
- Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol, 2011 – 2020: Straitéis Náisiúnta.
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile; Tuarascáil ón gCreatlach Náisiúnta Polasaí do Leanáí agus Daoine Óga, 2014-2020.

Spríoc Feidhmíochta 3

- Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn, 2014 – 2024.
- Polasaí Náisiúnta Turasóireachta d'Éireann [dréacht-eisiúint 2014].
- Deich mBliana na gCuimhneachán.
- Plean Forbartha Leabharlainne, Comhairle Contae Loch Garman.
- Clár Cuimhneacháin 1916, Comhairle Contae Loch Garman.

Spríoc Feidhmíochta 4

- Deiseanna do Chách, Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí, 2013 – 2017.
- Plean Gníomhaíochta maidir le Poist, 2015.
- Straitéis ríomh-rialtas laistigh de Déan níos mó go Digiteach; Straitéis Náisiúnta Digiteach, 2013.

Spríoc Feidhmíochta 5

- Plean Forbartha na nEalaíon, Comhairle Contae Loch Garman.
- Doiciméid polasaí agus tuarascálacha na Comhairle Ealaíona ar bhailé [2014] cheolfhoireann [2012], cheoldrámaíocht [2011], spásanna oibre amharcealaíontóirí, damhsa, léiriúchán amharclainne, éagsúlacht cultúrtha, turasóireacht [2010], litríocht do leanáí [2009].

- Cáirt Ealaíon san Oideachas 2012.

Modh an Tomhais

Spríoc Feidhmíochta 1

- Réimse sonraí curtha isteach go bliantúil chuig LGMA. Sonraí úsáide, tinrimh agus aiseolais mar a bailíodh go háitiúil ag ócáidí agus trí na meáin shóisialta agus iad ailínithe le spriocanna seirbhíse.
- Cur i bhfeidhm iomlán ar PLNCS, lena n-áirítear gnéithe digitithe agus cumarsáide.

Spríoc Feidhmíochta 2

- Cuspóirí agus Feidhmíocht mar a bhfuil imchruth díobh sa Straitéis Cearta Léitheoireachta a chlúdaíonn ábhar priontáilte agus ríomh-lítearthacht, do leanaí do dhaoine fásta agus do chlanna.
- Ciste leordhóthain leabhar agus acmhainní a sheachadadh chun a straitéis a chur i gcrích.

Spríoc Feidhmíochta 3

- Tionscadal foilseacháin ar stair na bparóistí a chríochnú.
- Cláir na Comhairle atá idir lámha a chríochnú, 2013 - 2018 le haghaidh Chomóradh Deich mBliana na gCuimhneachán ar 1916.
- Clár leanúnach chun sainseirbhísí mar Chartlanna, Staidéir ar Loch Garman a chur chun cinn.

Spríoc Feidhmíochta 4

- Caidreamh níos forbartha le gníomhaireachtaí áitiúla.
- Cláir foghlama bliantúla a sheachadadh.
- Anailísiú sonraí ar úsáid seirbhísí.

Spríoc Feidhmíochta 5

- Forbairt agus seachadadh ar shruthanna ríomhchláraithe ag díriú ar chomhthathú pobal, ar fhéiniúlacht chultúrtha ag leibhéal áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar oideachas agus ar fhiontraíocht. Tomhas ar a bhfuil baint amach in aghaidh cuspóirí réamhshocraithe.

10. Pleanáil/Rialú Tógála

Spríocanna Feidhmíochta

- Le pleanáil éifeachtúil, chúil agus forbairt inbhuanaithe, chothrom i gceantair uirbeacha agus tuaithe a chinntiú.

Clár Tacaíochta

- Pleananna forbartha d'ardchaighdeán atá ag teacht le polasaithe réigiúnacha agus náisiúnta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.
- Treoir maidir le polasaí an Aire ar chur i bhfeidhm a leanúint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas le coinníollacha a bhaineann le ceadanna pleanála a bheith tugtha.

Modh an Tomhais

- % de na cásanna forfheidhmithe pleanála dúnta (as na cásanna a rinneadh imscrúdú orthu)

- % d'iarratais inar dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh (le nó gan athruithe)
- Foirgnimh a scrúdaíodh mar % d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil.
- Costas na Seirbhíse Pleanála per capita.

11. Iompar ar Bhóithre agus Sábháilteacht

Spriocanna Feidhmíochta

Feabhas agus athchóiriú ar líonra na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla agus ar chaighdeán struchtúrach na mbóithre a bhfuil freagracht ar an údarás áitiúil ina leith (féach An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Ciorclán RW 21/2014)

Clár Tacaíochta

- Caomhnú ar Stair na nOibreacha Pábhála; Fardal & Suirbhéanna ar Dhromchla Pábhála na mBóithre (Meicniúil & le Radharc na Súl)
- Rátáil innéacs ar Chaighdeán an Dromchla Pábhála (PSCI) do bhóithre réigiúnacha, príomhbhóithre áitiúla agus bóithre áitiúla den dara ghrád.

Modh an Tomhais

Rátáil reatha tugtha san Innéacs ar Chaighdeán an Dromchla Pábhála (PSCI)

12. Bainistiú Dramhaíola

Spriocanna Feidhmíochta

- Dóthain seirbhísí agus saoráidí bailithe dramhaíola curtha ar fáil.
- Líon na gceadúnaithe ag oibriú ina gceantar (chun dóthain seirbhísí iomaíocha a chur ar fáil).

Clár Tacaíochta

- Ceadúnais bailithe dramhaíola bronnta (trí NWCPO) laistigh de gach ceantar údaráis áitiúil.
- Deontais i leith saoráidí athchúrsála dramhaíola (curtha ar fáil trí Chiste Timpeallachta).

Modh an Tomhais

- Líon na gceadúnaithe ag oibriú ina gceantar (chun dóthain seirbhísí iomaíocha a chur ar fáil).
- % de líon tí a úsáideann seirbhís bailithe 3 bhosca bruscair.

13. Seirbhísí Uisce

Spriocanna Feidhmíochta

An leibhéal is airde is féidir feidhmíochta maidir le seirbhísí uisce poiblí.

Clár Tacaíochta

Comhaontú Seirbhíse (SLA) idir údaráis áitiúla agus Uisce Éireann.

Modh an Tomhais

- Uisce gan cuntas mar % den toirt iomlán uisce curtha ar fáil faoi scéimeanna soláthair a bhfuil freagracht ar an údarás áitiúil ina leith.
- % den uisce le hól ag teacht le riachtanais reachtúla (idir scéimeanna príobháideacha agus poiblí)

Aguisín 5

Coistí

Coiste Iniúchóireachta

Tá feidhmeanna an Choiste Iniúchóireachta mar atá leagtha síos ag Alt 59 den Acht Leasúcháin Rialtais Áitiúil 2014:

1. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais agus na nósanna tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil.
2. Chun forbairt sárchleachtais a chothú san údarás áitiúil i gcur i ngníomh na feidhme iniúchóireachta inmheánaí atá aige.
3. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchóireachta, aon tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra a bhaineann leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon chéimeanna a thóg an Príomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagra ar a leithéid de ráiteas nó tuarascáil agus a chuid cinntí a chur in iúl don údarás.
4. Chun éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn mar a bhaineann le mar a chruthaigh an t-údarás áitiúil agus é i mbun a chuid feidhmeanna.
5. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscáil.
6. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) agus freagra an Phríomhfheidhmeannaigh orthu agus céimeanna breise a thógáil mar a oireann.

Tá oibriú an choiste á stiúradh faoi Rialacháin do Rialtas Áitiúil (Coiste Iniúchóireachta) 2014, agus treoir a bhaineann leis mar a eisíodh i Meitheamh 2014.

Grúpa Polasaí Corparáidigh

Comhordaíonn agus ceanglaíonn an Grúpa Polasaí Corparáidigh obair na SPCanna éagsúla agus feidhmíonn sé mar fhóram ina ndéantar cinntí polasaí a bhfuil tionchar acu ar an gcomhairle uile a aontú, le cur faoi bhráid na comhairle iomlán. Feidhmíonn an CPG mar chineál comh-aireacht don chomhairle agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Tá CPG comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle, atá mar chathaoirleach ag an ngrúpa, mar aon le cathaoirleach na SPCanna. Casann siad leis na Feidhmeannaigh agus le hoifigí eile na comhairle uair sa mhí.

Coistí Polasaithe Straitéiseacha

Tá Coistí Polasaithe Straitéiseacha comhdhéanta de bhaill tofa den chomhairle contae agus ionadaithe ó earnálacha den saol (pobal, deonach, gnó, talmhaíocht, etc). Is é gnó na gCoistí Polasaithe Straitéiseacha (SPC), mar choistí den Chomhairle, comhairle agus cúnaimh a chur ar fáil don Chomhairle ina cuid oibre. Cé go bhfuil sé mar chúram ar gach SPC cuidiú leis an gComhairle chun polasaithe a chur le chéile agus a fhorbairt, fanann an cinneadh polasaí deiridh ar deireadh thiar leis an gComhairle iomlán. Tá an córas SPC ceaptha deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus do ghrúpaí eile a bhfuil leas earnála ar leith acu, páirt iomlán a imirt sa bpróiseas déanta polasaithe ó go luath sa bpróiseas nuair atá na roghanna polasaí níos oscailte.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Déanann An tAcht Rialtais Áitiúil 2014 foráil go mbunófar gach Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) mar choiste den Údarás Áitiúil. Bunaíodh LCDC Loch Garman in 2014. Tá an coiste comhdhéanta d'ionadaithe atá ina mbaill den Údarás Áitiúil, de ghníomhaireachtaí eile stáit, de na hearnálacha pobail agus deonacha agus na comhpháirtithe sóisialta. Tá an chothromaíocht ionadaíochta idir na hearnálacha ceaptha bheith i

bhfabhar na hearnála neamhrechtúla. Tá an LCDC neamhspleách ar an Údarás Áitiúil agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna.

Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil

Beidh dhá ghné i gceist leis an bPlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (LECP) sé bliana. Tá an LCDC freagrach as an gné pobail den Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil a fhorbairt. Tá an Coiste Polasaí Forbartha Eacnamaíochta agus Straitéisí Fiontraíochta (SPC) freagrach as an gné eacnamaíoch den LECP.

